
# RÁITEAS STRAITÉISE AGUS CLÁR OIBRE TURASÓIREACHTA

## CLÁR OIBRE 2019

## COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL



**RÁITEAS STRAITÉISE AGUS CLÁR OIBRE TURASÓIREACHTA**

**2017 - 2022**

**RÉAMHRÁ**

Tá borradh faoin earnáil turasóireachta arís agus tá ról lárnach aici i ar rath geilleagrach Fhine Gall go leanúnach. Tráthúil go leor, ceann den trí phríomhchuspóir atá luaite i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall 2015-2019 togra agus margaíocht na turasóireachta i bhFine Gall a threisiú trína plean turasóireachta agus a rannpháirtíocht le príomh-gheallsealbhóirí.

Tá Straitéis Turasóireachta Fhine Gall á cur i bhfeidhm ag Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall ó seoladh an straitéis in 2015, agus tá béim á leagan ar Fhine Gall a ailíniú leis an mbranda *Dublin Breath of Fresh Air*, ag obair le geallsealbhóirí tionscail ar raidhse tionscadal agus ag cinntiú go bhfuil Fine Gall ag freastal ar, ag díriú ar, agus ag tacú lena chuairteoirí.

Ina theannta sin, d'fhonn a chinntiú go mbaineann Comhairle Contae Fhine Gall an úsáid is fearr agus is féidir as a sócmhainní turasóireachta agus go mbaineann sí lántairbhe as a poitéinseal amach anseo, choimisiúnaigh Comhairle Contae Fhine Gall Athbhreithniú ar Réadmhaoin Oidhreachta Fhine Gall 2016 agus dá thoradh sin, tá sí ar tí tús a chur le haistear corparáideach a bhfuil sé mar aidhm léi a réimse iontach réadmhaoin oidhreachta inaitheanta agus uaillmhianach a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr, trí iontaobhas oidhreachta a fhorbairt.

Tá cuma dhearfach ar an earnáil, bliain eiseachtúil eile ba ea 2016, nuair a thug breis is 9 milliún turasóir cuairt ar Éirinn. D'ainneoin roinnt príomhdhúshlán, cosúil le Brexit, a bheith le sárú, tá ag éirí thar cionn le Baile Átha Cliath agus táthar ag súil go méadóidh an líon cuairteoirí eachtracha go dtí 5.3m in 2017. Tá an cumas ag Fine Gall tairbhe a bhaint as an tionscnamh seo agus tá sé ag leanúint le leas a bhaint as a phoitéinseal turasóireachta, agus an poitéinseal sin a bhaint amach. D'ainneoin go bhfuil chlár Bhaile Átha Cliath Fáilte Ireland dírithe ar an líon cuairteoirí eachtracha chuig Baile Átha Cliath a mhéadú, is í sprioc Chomhairle Contae Fhine Gall sciar suntasach de na cuairteoirí seo a mhealladh, an spéis atá ag daoine sa cheantar a leathnú agus ioncam a mhéadú. Chuige sin, tá clár uaillmhianach margaíochta agus forbartha leagtha síos ag Comhairle Contae Fhine Gall le haghaidh 2017 chun na spriocanna sin a bhaint amach.

**Paul Reid, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Fhine Gall.**

**RÉAMHRÁ**

Bunaíodh an *Grow Dublin Tourism Alliance* chun dlús a chur le straitéis chomhoibríoch nua chun margaíocht a dhéanamh ar réigiún Bhaile Átha Cliath sa mhargadh idirnáisiúnta.

San áireamh sa bheartas nua, ceadaithe ag an Rialtas in Eanáir 2015, tá tiomantas Rialtais do thurasóireacht, mar cheann de na hearnálacha geilleagracha is tábhachtaí sa tír, mar aon le haitheantas a thabhairt don phoitéinseal suntasach atá ag an turasóireacht ról níos mó a bheith aici in athnuachan gheilleagrach na hÉireann. Sonraítear sprioc sa ráiteas beartais de mhéadú 50% san ioncam ó thurasóirí eachtracha sa 12 bhliain amach romhainn bunaithe ar níos mó margaíochta fianaisebhunaithe ar Éire atá spriocdhírithe ar roinnt codanna den mhargadh a bhfuil an poitéinseal is mó ó thaobh fás ioncaim ag baint leo. Cuirtear san áireamh sa bheartas freisin go bhféadfadh údaráis áitiúla níos mó freagrachta a ghlacadh as forbairt na turasóireachta, lena n-áirítear comhoibriú idir údaráis chun an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as deiseanna turasóireachta.

Táthar ag díriú ar Réigiún Bhaile Átha Cliath i mórthionscnamh nua a bhfuil sé mar aidhm leis Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar cheann de na cinn scríbe is fearr san Eoraip. Le blianta beaga anuas, tá ag éirí le Baile Átha Cliath sciar de na margaí eachtracha agus intíre a mhealladh, agus tá líon na dturasóirí fóillíochta eachtracha a bhfuil réigiún Bhaile Átha Cliath á roghnú acu nuair a thugann siad cuairt ar Éirinn ag méadú.

**STRAITÉIS TURASÓIREACHTA FHINE GALL 2015-2018**

Forbraíodh Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015 – 2018 chun "conair chinnte a chur ar fáil d'fhorbairt na turasóireachta i bhFine Gall". Ba é an cuspóir a bhí ann straitéis chuimsitheach a fhorbairt d'fhorbairt na turasóireachta le tacaíocht agus ceannach isteach geallsealbhóirí turasóireachta ábhartha poiblí, príobháideacha agus pobail.

Is í an deis atá ann d'Fhine Gall, mar chomhpháirt lárnach de cheann scríbe turasóireachta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, tairbhe a bhaint as an méadú atá ag teacht ar earnáil na turasóireachta agus dul san iomaíocht chun sciar den líon méadaitheach cuairteoirí ar Bhaile Átha Cliath a mhealladh ina threo, sciar cuairteoirí a mheastar a bheidh mar bhonn leis an gcaiteachas turasóireachta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a dhúbailt go dtí beagnach €2.5 billiún faoi 2020, agus beagnach 20,000 post nua a chruthú.

Seo a leanas an fhís atá aitheanta sa Straitéis, **"Ceann scríbe turasóireachta a fhorbairt atá mealltach, spleodrach agus inbhuanaithe, a chruthaíonn eispéireas uathúil do phobal na háite, do chuairteoirí náisiúnta agus do chuairteoirí idirnáisiúnta".**

Is é an príomhchuspóir straitéiseach atá ann fás inbhuanaithe a chinntiú, agus breis turasóirí áitiúla, turasóirí lear agus turasóirí atá ag fanacht thar oíche, a mhealladh.

Chun an cuspóir a bhaint amach, tá trí phríomhréimse gníomhaíochta aitheanta:-

1. **Eispéireas reatha cuairteoirí a bharrfheabhsú agus a leathnú** – Tá na príomhchúiseanna a bheadh ag cuairteoirí le cuairt a thabhairt ar an gContae fréamhaithe ina oidhreacht thógtha, líne an chósta, agus cothromaíocht uirbeach/tuaithe an chultúir bheo agus na bhféilte. Lena chois sin, tá neart gnóthaí, áiseanna spóirt agus siopadóireachta sa cheantar, mar aon leis an bpoitéinseal líon níos mó cuairteoirí a mhealladh chun taitneamh a bhaint as na heispéiris atá bunaithe ar an mbia dúchasach. Tá léiriú coincheapúil den ordlathas d'eispéiris cuairteoirí forbartha agus áirítear ann an Cósta, Imeachtaí, Gnó, Spóirt & Siopadóireacht, Bia agus Oidhreacht, agus an téama gaolmhar a bhfuil sé mar aidhm leis bailte agus sráidbhailte a chur san áireamh.
2. **Glacadh le straitéis margaíochta áiteanna nua,** atá ailínithe le, agus ag tacú le, *Grow Dublin Tourism Alliance*.
3. **Bealaí nua a fhorbairt chun oibriú** i gcomhpháirt le geallsealbhóirí.

**LECP FHINE GALL**

Tá an fhís atá luaite in LECP Fhine Gall 2016-2021 bunaithe ar an tuiscint go bhfuil forbairt gheilleagrach agus forbairt an phobail áitiúil ag tacú lena chéile chomh fada is a bhaineann le pobail inbhuanaithe ina bhfuil an geilleagar áitiúil láidir. Dá réir sin, tá leas agus gníomhaíocht chomhchoiteann ag baint le gnéithe geilleagracha agus pobail.

Is é misean an phlean na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun forbairt gheilleagrach, áitiúil agus pobail Fhine Gall a chur chun cinn agus tacú leis an bhforbairt sin, chomh fada is a bhaineann leis an obair atá á déanamh ag Comhairle Contae Fhine Gall agus an obair atá á déanamh i gcomhpháirt le geallsealbhóirí forbartha geilleagrach agus pobail eile.

Nuair a bhí plean gníomhaíochta LECP Fhine Gall 2016-2021 á fhorbairt baineadh úsáid as próiseas cuimsitheach a raibh ról lárnach ag rannpháirtíocht le príomh-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus an pobal áitiúil, ann. Aithnítear sé théama ann, agus baineann ceann de na téamaí sin le Turasóireacht, an Comhshaol & Oidhreacht. Baineann sprioc ardleibhéil turasóireachta an phlean leis an eispéireas cuartaíochta, ar féidir a chuspóir a bhaint amach trí Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2015-2018.

Tá saibhreas sócmhainní nádúrtha agus cultúrtha i bhFine Gall, agus is féidir tairbhe a bhaint as a shuíomh ar imeall na cathrach agus a chóngaracht do Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá deiseanna ag baint le turasóireacht tuaithe, lena n-áirítear iascaireacht, foraoiseacht, fálróid, gníomhaíochtaí eachaí agus feirme, chun an geilleagar tuaithe a éagsúlú.

**Cuspóirí**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G8:** Nithe uathúla is díol spéise do thurasóirí a chruthú trí shócmhainní nádúrtha an Chontae a bharrfheabhsú go híogaireach agus infreastruchtúr fiontair agus pobail a thógáil chun an poitéinseal cuartaíochta a fhorbairt agus a leathnú. | **Cuspóir G8:** tacófar le forbairt agus le feabhsú taitneamhachta í áitiúla, líon níos mó cuairteoirí agus breis poitéinsil fostaíochta. | **O31:** Straitéis Turasóireacht a Fhine Gall 2015 - 2018 a chur chun feidhme mar aon le haon phleananna ina dhiaidh sin atá ábhartha go dtí 2020, le tagairt shonrach do thionscnaimh atá dírithe ar cheantar ar leith. | **FCC** | Feidhmeoir LEADER<br><br>Feidhmeoir SICAP<br><br>FCN<br><br>Oifig Forbartha Turasóireacht a Fhine Gall<br><br>An Earnáil Pobail & Dheonach | 2017 | Gníomhaíochta í tosaíochta comhaontaithe na Straitéis Turasóireachta nasctha go straitéiseach le gníomhaíochta í LECP<br><br>Líon tránna Brait Ghoirm<br><br>Líon conairí téamúla. | **A93:** Cur chun feidhme Straitéis Turasóireachta Fhine Gall a éascú<br><br>**A94:** Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh trí *Chiste Diaspóra na Turasóireachta Pobail* a chur chun cinn<br><br>**A95:** Tránna Fhine Gall a chur cinn mar cheann scríbe trí bhainistíocht réamhghníomhach chomhlíonadh cháilíocht an uisce le rialacháin snámha<br><br>**A96:** Conairí téamúla a fhorbairt cosúil le conairí cultúrtha, oidhreachta, bia, cósta agus fiadhúlra nasctha le bealaí spaisteoireachta agus le rotharbhealaí |


**PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA RÉIGIÚNACH DO PHOIST**

Tá ról suntasach ag turasóireacht sa bhealach a shamhlaítear Baile Átha Cliath agus sa Chathair a chur chun cinn i margaí eachtracha. Samhlaítear i straitéis Turasóireachta Bhaile Átha Cliath príomhchathair lán beochta a bhfuil éagsúlacht eispéireas iontach le fáil inti, cathair ina bhfuil saol na cathrach agus saol na tuaithe ag maireachtáil taobh le taobh. Samhlaítear sa chás is uaillmhianaí fás 7% ar líon na gcuairteoirí sa tréimhse seacht mbliana go dtí 2020. Sa chás seo, bíonn líon iomlán na gcuairteoirí cothrom le 6.2 milliún faoi 2020 agus tabharfar dúbailt faoi deara i gcaiteachas na dturasóirí idirnáisiúnta go dtí beagán faoi bhun €2.5bn. Braitheann an sprioc seo a bhaint amach ar leibhéal nach bhfacthas roimhe seo de chomhoibriú i measc geallsealbhóirí, cothabháil an ghnáthleibhéil de chaiteachas san earnáil phoiblí agus sruth nua maoinithe a chruthú san earnáil phríobháideach.

| | **GNÍOMHAÍOCHT** | **AMLÍNE** | **CEANNAS & COMHPHÁIRTITHE** |
|---|---|---|---|
| **39** | Gníomhaíochtaí ábhartha mar atá leagtha amach i Straitéis chinn scríbe Bhaile Átha Cliath agus Plean Gníomhaíochta *Grow Dublin Tourism Alliance* a chur chun feidhme. Díreofar ar: gníomhachtú branda; an t-eispéireas cuartaíochta a fheabhsú; cur chun cinn trasearnála; agus an bonn cóiríochta ar ardchaighdeán a fhorbairt. | **RÁITHE 4** | Fáilte Ireland & geallsealbhóirí ábhartha |
| **40** | Tús a chur le sraith féilte chun dlús a chur le gnó na turasóireachta sa séasúr seachbhuaice, e.g., Lá Fhéile Pádraig, Bram Stoker i mí Dheireadh Fómhair, agus Oíche Chinn Bliana. | **RÁITHE 4** | Fáilte Ireland |

Tá obair ar bun ag Fáilte Ireland agus ag *Grow Dublin Tourism Alliance* lena chinntiú go gcuirtear leis an bhforbairt atá tagtha ar Bhaile Átha Cliath le déanaí. Is cloch mhíle thábhachtach é seoladh *Dublin "A breath of fresh air"* chomh fada is a bhaineann le teachtaireacht ar leith atá sofheicthe go hidirnáisiúnta a bhunú d'earnáil turasóireachta Bhaile Átha Cliath. Trí shamhail maoinithe poiblí/príobháideach, éireoidh le Fáilte Ireland an branda a thabhairt chun beochta trí eispéiris mórthimpeall na Cathrach chun an gealltanas branda a thabhairt chun beochta don chuairteoir. Beidh sé tábhachtach chomh maith, a chinntiú go mbeidh cóiríocht ar ardchaighdeán ar fáil agus leapacha óstáin chun freastal ar éileamh de réir mar a fhilleann Baile Átha Cliath ar thréimhse d'fhás leanúnach geilleagrach.

**AN STRUCHTÚR TURASÓIREACHTA LAISTIGH DE CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL**




Bunaíodh Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall faoi Straitéis Turasóireachta 2015-2018. Úsáidtear acmhainní Fingal Tourism Ltd. agus acmhainní Chomhairle Contae Fhine Gall san oifig nua seo. Feidhmíonn an oifig mar lárionad le haghaidh gach feidhm chumasaithe agus tacaíochta a bhaineann leis an turasóireacht, agus mar ionad ilfhreastail don tionscal trí chéile. Is é an buntáiste a bhaineann leis an socrú nua seo go gceadaíonn sé comhoibriú níos fearr, an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as deiseanna seachtracha maoiniú tacaíochta, agus comhpháirtíocht éifeachtach idir an earnáil phoiblí agus phríobháideach a bhunú, agus rannpháirtíocht an phobail a áireamh sa phróiseas.

**GRÉASÁN EOLAIS TURASÓIREACHTA FHINE GALL**

Tá sé mar aidhm ag Oifigí Eolais Turasóireachta Fhine Gall a bheith fáilteach, gnaíúil, agus lán leis na hábhair atá riachtanach chun eolas reatha, beacht, agus iontaofa a chur ar fáil.

Glacann Oifig Forbartha Turasóireachta Ghine Gall leis gur dlúthchuid den eispéireas cuartaíochta é eolas turasóireachta ar ardchaighdeán agus go bhfuil ról lárnach aici sa Phróiseas bainistíochta cinn scríbe. Ní hamháin go gcuireann Oifigí Eolais Turasóireachta Fhine Gall (TIOs) i gCaisleán Shoird, Mullach Íde, Binn Éadair, Caisleán Ard Giolláin agus Baile Brigín eolas, bailíonn siad sonraí faoi chuairteoirí, déanann siad margaíocht ar an gceann scríbe, agus spreagann siad rannpháirtíocht an phobail áitiúil, go háirithe trí thacaíochtaí a chur ar fáil do Ghrúpaí Forbartha Áitiúla Turasóireachta.




Sa chás nach ann d'oifigí eolais turasóireachta fisiciúla, tá úsáid á baint ag Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall as bothanna ilmheán. Tá an cur chuige seo níos costéifeachtaí, agus tá eispéireas comhtháite ionad ilfhreastail fós á cur ar fáil. I láthair na huaire, tá na bothanna seo ar fáil in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Leabharlann Bhaile Bhlainséir agus tá ag éirí go maith leo branda Fhine Gall a chur chun cinn trí chomharthaíocht, taispeántais agus cur i láthair.

**STRAITÉIS BRANDA THURASÓIREACHT FHINE GALL**

Gníomhaíocht shonrach inár Straitéis Turasóireachta ba ea Fine Gall a ailíniú leis an mbranda do Bhaile Átha Cliath trí chéile. Seo a leanas an togra branda nua do Bhaile Átha Cliath, "Is príomhchathair lán beochta í Baile Átha Cliath, a bhfuil éagsúlacht eispéireas iontach le fáil inti – "áit ina bhfuil bhfuil saol na cathrach agus saol na tuaithe ag maireachtáil taobh le taobh".

In 2016, forbraíodh, cuireadh chun feidhme agus scaipeadh Sraith Straitéisí nua do Bhranda Fhine Gall, a thug an branda *Dublin "A Breath of Fresh Air"* chun beochta i gcomhthéacs Fhine Gall le hinneachtar físeáin saor in aisce, íomhánna suntasacha Fhine Gall agus comhthaobhacht nua margaíochta.













Tá go leor den obair seo curtha i gcrích trí thacaíocht agus ceannach isteach geallsealbhóirí turasóireachta ábhartha poiblí, príobháideacha agus pobail.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ/TIONSCNAIMH TURASÓIREACHTA BAINTE AMACH GO DTÍ SEO:**


| **Gníomhaíocht** | **Comhpháirtithe** |
|---|---|
| Comhoibriú in 2016 le Scoil Bainistíochta Fáilteachais & Turasóireachta, DIT agus an Tionscnamh "Student's in Action". Thug na mic léinn faoi thionscadail a bhí dírithe ar an tairiscint turasóireachta atá ar fáil i gCaisleán Cnucha/Baile Bhlainséir, Sráidbhailte Tuaithe & Baile Brigín, a fhorbairt. | DIT |
| Athbhreithniú straitéseach déanta ar an Réadmhaoin Oidhreachta in 2016. Tá tús curtha le hobair chun na moltaí a chur chun feidhme mar a bhfuil cur síos déanta orthu sa tuarascáil, lena n-áirítear:<br>- Socruithe bainistíochta inmheánacha a shruthlíniú<br>- Feidhmiú gnó idirthréimhseach a fheabhsú<br>- Straitéis infheistíochta straitéiseach a fhorbairt<br>- Tascfhórsa Oidhreachta a cheapadh chun dlús a chur le dul chun cinn<br>- Aonán bainistíochta amháin a chruthú don ocht réadmhaoin oidhreachta bunaithe ar shamháil "oscailte" an iontaobhais charthanais. | Réadmhaoin Oidhreachta |
| Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag leanúint lena tacar de 5 réadmhaoin oidhreachta a oibriú mar nithe is díol spéise don phobal agus do thurasóirí. Tá an réadmhaoin lonnaithe i gCaisleán Shoird, Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde, Teach agus Feirm Dhroichead Nua, Muilte na Sceirí agus Caisleán Ard Giolláin. | Réadmhaoin Oidhreachta |
| Tá clár imeachtaí bliantúil, a n-éiríonn go breá leis, forbartha ag Comhairle Contae Fhine Gall, agus reáchtáiltear 64 imeacht agus féile dea-eagraithe agus sábháilte ar fud an Chontae. Meastar gur fiú thart ar €30.1 milliún don gheilleagar áitiúil iad na himeachtaí seo agus go dtacaíonn siad le 360 post gach bliain. | Eagraithe imeachtaí áitiúla<br>Cuideachtaí imeachtaí<br>Grúpaí turasóireachta áitiúla |
| Rannpháirtíocht i gcur chun cinn agus i margaíocht shuíomhanna agus tailte oidhreachta na Comhairle ar fud Fhine Gall chun deiseanna a fhorbairt do thionscail na Scannán agus na Teilifíse. | Bord Scannán na hÉireann |
| Suíomh, leagan amach, foireann agus uaireanta oscailte barrfheabhsaithe TIO lena n-áirítear:<br>- Oifigí eolais turasóireachta a shuiteáil i Sord & Mullach Íde<br>- Leanúint le hoibriú an 5 TIO atá ann cheana féin<br>- Oiliúint sna meáin shóisialta don fhoireann ar fad | |
| Caisleán Shoird:<br>-Tailte Chaisleán Shoird oscailte don phobal<br>-Céim athchóirithe 2016 de na hoibreacha ag an gCaisleán críochnaithe. | Roinn AHRRG |

| | |
|---|---|
| Thacaigh an Roinn le agus chuir sí tionscadal Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath chun cinn. | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fáilte Ireland |
| **Gníomhaíocht** | **Comhpháirtithe** |
| Dea-bhainistíocht chomhshaoil agus seirbhísí leordhóthanacha ag tránna a chur chun cinn. Iarratas ar stádas Brait Ghoirm.<br><br>Cáilíocht uisce den scoth bainte amach. Iarratais ar stádas Gradam Cósta Glas. | |
| Níos mó ceolchoirmeacha/taibhithe/imeachtaí ag réadmhaoin na Comhairle<br>- Tá sé beartaithe dhá cheolchoirm a reáchtáil ag Caisleán Mhullach Íde i Meitheamh 2017 | Tionscnóirí ceolchoirme |
| Glacadh páirt i gclár oifigiúil comórtha 1916.<br><br>Forbraíodh sraith léachtaí comórtha a bhain leis na himeachtaí a bhí nasctha le Fine Gall in 2016. | Comhairle Contae na Mí, Cumainn Stairiúla, Grúpaí oidhreachta áitiúla |
| Coimeádadh bunachar sonraí turasóireachta cothrom le dáta d'Fhine Gall. | Fáilte Ireland |
| Feachtas margaíochta digití a fhorbairt, lena n-áirítear:<br><br>-Físeáin de cheantar, nithe is díol spéise agus imeachtaí a reáchtáiltear i bhFine Gall.<br>-Leabharlann ghrianghrafadóireachta agus creative commons ábhartha agus cothrom le dáta chun amharc-aithne chomhsheasmhach a chruthú d'Fhine Gall. Leabharlanna le catagóiriú ionas go mbeidh siad oiriúnach do spriocmhargaí cosúil le Fiosraitheoirí Cultúrtha agus Fuinneamhóirí Sóisialta.<br>-Comhbheartas margaíochta a chur chun feidhme a thugann léargas ar bhrandáil GDTA.<br>- Tacaíochtaí meán sóisialta a chur ar fáil do Thionscal Turasóireachta Fhine Gall. | Grúpaí turasóireachta áitiúla<br>Fáilte Ireland |
| Oibríodh i gcomhar le gníomhairí láimhseála cúrsála chun Cladach Fhine Gall a bhunú agus margaíocht a dhéanamh. | Cuideachtaí Cúrsála, Tionscnóirí Turas |
| Tá Féile Chloicheán Bhá Bhaile Átha Cliath forbartha mar imeacht idirnáisiúnta mór le rá a tharraingíonn aird ar áilleacht radhairc agus tairiscint láidir bia Fhine Gall. Comhpháirtíocht le Coiste Lá Fhéile Pádraig in 2016 & 2017. | Tabhair cuairt ar Leithinis Bhinn Éadair, Fáilte Ireland, Féile Lá Fhéile Pádraig |
| Rannpháirtíocht le Abbey Tours a bhíonn ag déileáil le breis is 160,000 cuairteoir gach bliain. Tá iarracht á déanamh ag Comhairle Contae Fhine Gall comhpháirtíocht a fhorbairt leo ar mhaithe le réadmhaoin oidhreachta Fhine Gall agus nithe turasóireachta eile is díol spéise sa Chontae a chur chun cinn. | Abbey Tours |
| Coimisiúnaíodh staidéar féidearthachta in 2016 chun Tram Bhinn Éadair a bhunú an athuair. | Grúpa turasóireachta áitiúil, grúpa oidhreachta áitiúil |

| | |
|---|---|
| Rannphháirtíocht le hoibritheoirí busanna turasóireachta chun busannna turasóireachta a mhealladh chuig an gContae | Cuideachtaí busanna tráchtála |

**AG FÉACHAINT CHUN CINN**

- Tá roinnt mhaith de phríomhghnéithe an bheartais reatha bainte amach
- Tá sé riachtanach díriú ar an méid nach mór a dhéanamh chun lántairbhe a bhaint as an bhforbairt a dhéanfar amach anseo
- Le linn an dul chun cinn go dtí seo a chothabháil



**CLÁR OIBRE TURASÓIREACHTA 2017 – 2022 – PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ**

Leagtar amach sa rannóg seo na príomhghníomhaíochtaí a chuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall chun feidhme sa tréimhse idir 2017 – 2022.

| **Nascacht:**<br><br>**Saincheist:**Is cumasóir bunriachtanach é iompar agus rochtain chomh fada is a bhaineann le forbairt Tabhair Cuairt ar Fhine Gall.<br><br>**Cuspóir:**Tionscnaimh a fhorbairt agus a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas turasóirí rochtain a fháil ar Fhine Gall ar bhealach simplí, tráthúil agus cost-éifeachtúil | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíocht** | **Amfráma** | **Comhpháirtithe** |
| 1. Comhoibriú le hoibritheoirí busanna ceadúnaithe chun bus turasóireachta a chur ar fáil mórthimpeall ar Fhine Gall, Aerfort Bhaile Átha Cliath san áireamh. | **2017** | NTA, DAA, Cuideachtaí busanna tráchtála, nithe is díol spéise, réadmhaoin oidhreachta, grúpaí turasóireachta áitiúla |
| 2. Cúrsaí taistil chuig Fine Gall a fhorbairt agus a chur chun cinn do dhaoine a bhfuil Aerfort Bhaile Átha Cliath á úsáid acu mar mhol dara leibhéal trí Oifig Eolais Turasóireachta a fhorbairt i halla teachta Aerfort Bhaile Átha Cliath. | **2017 – 2020** | DAA, Soláthraithe cóiríochta, Cuideachtaí busanna tráchtála, Nithe is Díol Spéise, Réadmhaoin stairiúil |
| 3. Aistir Oidhreachta Fhine Gall agus aistir Chósta Fhine Gall a fhorbairt agus a chur chun cinn. | **2017** | Réadmhaoin oidhreachta, Grúpaí turasóireachta áitiúla, Grúpaí oidhreachta áitiúla, NRA |
| 4. Iniúchtaí bliantúla comharthaíochta a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil comharthaí maithe ar na príomhnithe is díol spéise do thurasóirí agus go bhfuil sé éasca teacht orthu. | **2017 – 2020** | NRA |
| 5. Tabhair Cuairt ar Fhine Gall a chur chun cinn trí fheachtas bliantúil i gcomhar le foireann chumarsáide agus meán corparáideach Iarnród Éireann. | **2017 – 2020** | Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann, Réadmhaoin oidhreachta, Nithe is díol spéise |
| 6. Aip turasóireachta geoshuite a choimisiúnú don Chontae a tharraingíonn airde ar bhailte agus ar nithe is díol spéise sa Chontae | **2018** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Réadmhaoin oidhreachta, Nithe is díol spéise |

| | | |
|---|---|---|
| agus a chabhraíonn le turasóirí taisteal idir suíomhanna. | | |
| 7. Comharthaí a chur ar Ghormbhealaí feadh na Life agus Chósta Fhine Gall. | **2017 – 2020** | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Grúpaí turasóireachta áitiúla, Fáilte Ireland |
| **Gníomhaíocht** | **Amfráma** | **Comhpháirtithe** |
| 8. An tacar mapaí atá ann faoi láthair a nuashonrú agus a athnuachan, mapaí breise a fhorbairt bunaithe ar Bhaile Bhlainséir, sráidbhailte tuaithe, bia, cósta Fhine Gall, agus oidhreacht mar aon le mapa treoshuímh iomlán a fhorbairt do Cheann Scríbe Fhine Gall. | **2017 – 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Grúpaí oidhreachta áitiúla, Réadmhaoin oidhreachta |
| 9. Forbairt Bealach Cósta Fhine Gall a chríochnú de réir a chéile agus tacú le hUiscebhealaí Éireann Glasbhealach na Canálach Ríoga a fhorbairt. | **2017 – 2020** | Uiscebhealaí Éireann, Grúpaí turasóireachta áitiúla, Fáilte Ireland, NTA |

**Scileanna:**
**Saincheist:**Tá tábhacht leis an gcéad imprisean maidir leis an léamh a bhíonn ag duine ar cheann scríbe turasóireachta. Tá gá le hinfheistíocht i bhfoireann Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall, foireann túslíne turasóireachta agus margóirí táirgí áitiúla trí oiliúint.

**Cuspóir:** Cuirfidh Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall cláir ar fáil a chuirfidh na scileanna agus an oiliúint riachtanach ar fhoireann túslíne agus ar gheallsealbhóirí ábhartha chun eispéireas ar ardchaighdeán a chinntiú.

| **Gníomhaíocht** | **Amfráma** | **Comhpháirtithe** |
|---|---|---|
| 1. Gné na turasóireachta de Straitéis Scileanna Fhine Gall a chur chun feidhme. | 2017- 2018 | Institiúidí oideachais, Fáilte Ireland |
| 2. “Clár Sheaimpíní Fhine Gall” a dhearadh agus a chur ar fáil i gcomhar le saineolaithe ón tionscal a bhfuil taithí acu. Cuirfidh an clár seo oideachas ar fhoireann túslíne turasóireachta i ndáil le gach gné d’eispéireas Tabhair Cuairt ar Fhine Gall. | Clár Bliantúil 2017- 2020 | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Fáilte Ireland |
| 3. Oiliúnóir margaíochta digití a choimisiúnú chun cúrsaí oiliúna sa mhargaíocht dhigiteach ar chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm leo oideachas a chur ar thionscal turasóireachta Fhine Gall, agus an tionscal sin a uas-sciliú. | Clár Bliantúil 2017- 2020 | Nithe is díol spéise, Réadmhaoin oidhreachta, Grúpaí turasóireachta áitiúla |
| 4. Forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil d’fhoireann Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall | Clár Bliantúil 2017- 2020 | Institiúidí oideachais, Fáilte Ireland |

| **Turasóireacht Ghnó:**<br><br>**Saincheist:**Cé nach bhfuil líon mór ionad atá feiliúnach do ghrúpaí móra daoine i bhFine Gall, tá éagsúlacht ar leith spásanna cruinnithe/comhdhála ann.<br><br>**Cuspóir:**Fine Gall a fhorbairt mar cheann scríbe tábhachtach do thurasóireacht chorparáideach, ag tarraingt airde ar a chóngaraí is atá sé do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíocht** | **Amfráma** | **Comhpháirtithe** |
| 1. Rannpháirtíocht le foireann "Tar le Chéile in Éirinn", branda agus suíomh gréasáin oifigiúil MICE (cruinnithe, dreasachtaí, comhdhálacha agus imeachtaí) le haghaidh oileán na hÉireann chun margaíocht i gcomhpháirt a dhéanamh ar Fhine Gall mar shuíomh turasóireachta gnó. | **2017** | Tar le Chéile in Éirinn, Soláthraithe cóiríochta, Fáilte Ireland |
| 2. Rannpháirtíocht le Biúró Comhdhála Bhaile Átha Cliath a thairgeann seirbhísí aimsithe ionaid saor in aisce agus neamhchlaonta agus sainchomhairle áitiúil do pleanálaithe cruinnithe, cumainn agus eagraithe dreasachtaí chun imeachtaí agus cúrsaí taistil oiriúnacha saincheaptha gnó a fhorbairt. | **2017 – 2018** | Biúró Comhdhála Bhaile Átha Cliath, Soláthraithe cóiríochta, Fáilte Ireland |
| 3. Pacáiste turasóireachta gnó níos mionsonraithe a fhorbairt agus a chur chun cinn a áirítear ann cur síos ar ionaid (Réadmhaoin oidhreachta Fhine Gall), cóiríocht, comhpháirtithe agus réitigh taistil. | **2017 – 2020** | Oibritheoirí turas, Nithe is Díol Spéise, Réadmhaoin oidhreachta, Soláthraithe cóiríochta |

**Cóiríocht:**

**Saincheist:** Trí chur leis an méid ama a fhanann cuairteoirí is féidir cur go suntasach leis an ioncam turasóireachta; lasmuigh d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an ceantar mórthimpeall, áfach, tá ganntanas cóiríochta turasóireachta i bhFine Gall.

**Cuspóir Cláir a chur ar fáil a mbíonn méadú ar an acmhainn chóiríochta dá thoradh arb ionann é agus cumasóir riachtanach chun Tabhair Cuairt ar Fhine Gall a fhorbairt.**

| Gníomhaíocht | Amfráma | Comhpháirtithe |
|---|---|---|
| 1. Cruthóidh Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall sraith óstán fíorúil ar líne le haghaidh gach baile agus sráidbhaile agus cuirfear san áireamh na seomraí ar fad atá ar fáil atá nasctha le suíomhanna gréasáin uile Fhine Gall agus a chomhpháirtithe. | 2017 | Soláthraithe cóiríochta, Grúpaí turasóireachta áitiúla |
| 2. Cur leis an acmhainn chóiríochta i bhFine Gall trí fheachtas margaíochta a spreagfaidh na margaí chun líon níos mó leapacha Leaba is Bricfeasta, cónaí le teaghlach, teachíní saoire, tábhairní, brúnna, ionaid champála agus láithreáin charbhán, a chur ar fáil. | 2017 - 2020 | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Soláthraithe cóiríochta, Fáilte Ireland |
| 3. Éascóidh Comhairle Contae Fhine Gall forbairt óstán ar mhéid oiriúnach agus i suíomhanna oiriúnacha trína próiseas pleanála. | 2017 – 2020 | Soláthraithe cóiríochta |
| 4. Staidéar féidearthachta a dhéanamh faoi na deiseanna a bhaineann le Páirc Shaoire a fhorbairt. | 2017 | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Oibritheoirí páirc shaoire |

**FORBAIRT TÁIRGÍ / EISPÉIRIS**

Áirítear Fine Gall ar cheann de na ceantair is tapúla fás daonra sa tír, ceantar ina bhfuil 88 km de líne chósta álainn ann mar aon le roinnt baillte mealltacha agus roinnt ionad tionscal cónaitheach, miondíola agus seirbhíse, mórthimpeall ar réigiún a mbíonn garraíodóireacht mhargaidh ar siúl ann go traidisiúnta.

Tá sé beartaithe faoi láthair go mbeidh réimse leathan nithe is díol spéise nádúrtha agus saorga ar fáil, lena n-áirítear radharc cósta agus bailte cois cuain, nithe is díol spéise cultúrtha agus oidhreachta mar aon le gníomhaíochtaí lasmuigh, miondíol agus bia. Tá réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí do chuairteoirí á chur chun cinn faoi láthair. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá galf, slatiascaireacht, eachaíocht, lámhach/boghdóireacht, siúl agus rothaíocht, spóirt uisce, leadóg, mar aon le spóirt féachana cosúil le cruicéad, rugbaí, sacar agus cluichí Gaelacha. Tá turais uisce ar fáil freisin.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag infheistiú i bhforbairt agus in oibriú roinnt suíomhanna do chuairteanna, go háirithe Caisleán & Gairdíní Mhullach Íde, Teach & Feirm Dhroichead Nua, Caisleán agus Diméin Ard Giolláin, Caisleán Bhrí Mhór, Casaíne Mhullach Íde, Caisleán Shoird agus Muilte na Sceirí. Is acmhainn luachmhar caitheamh aimsire agus taitneamhachta iad na háiseanna do mhuintir na háite agus do chuairteoirí chuig an gContae.

I measc na nithe oidhreachta eile is díol spéise tá Túir Martello, Cloigtheach Shoird, Eaglais Dúiligh, Ionad Ealaíon Draíocht; an Campas Náisiúnta Spórt; Iarsmalann Náisiúnta Iompair na hÉireann; Ionad Cultúrtha Séamus Ennis agus an Iarsmalann Hurdy-Gurdy i mBinn Éadair.

Eagraíonn agus tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall le 64 imeacht bliantúil sa Chontae lena n-áirítear Féile Chloicheán Bhá Bhaile Átha Cliath (Binn Éadair), Seó Contae Bhlasanna Fhine Gall (Teach&Feirm Dhroichead Nua), Féile Uisce na Sceirí, Féile Samhraidh Dhomhnach Bat/Phort Reachrann, Féile Samhraidh Shoird, Féile Cuain (An Ros), Féile Scannán Fhine Gall, 'Malahide Has It', Lá Spraoi do Theaghlaigh Bhaile Bhlainséir agus Féile Samhraidh Bhaile Brigín.

Meallann ionaid siopadóireachta agus páirceanna miondíola móra i mBaile Bhlainséir agus i Sord líon suntasach siopadóirí ó lasmuigh den cheantar cheana féin agus is acmhainní tábhachtacha iad ar féidir iad a fhorbairt amach anseo.



| **Nithe is Díol Spéise:**<br><br>**Saincheist:**Is é caighdeán agus éagsúlacht na nithe is díol spéise i bhFine Gall bunchloch Tabhair Cuairt ar Fhine agus daoine a mhealladh chuig an gContae. Baineann fíorthábhacht le forbairt, cothabháil agus cur chun cinn na nithe is díol spéise seo.<br><br>**Cuspóir:** Líon na gcuairteoirí a dhúbailt, caiteachas €20 milliún a chinntiú agus tacú le 500-700 post breise trí Iontaobhas Oidhreachta Fhine Gall a bhunú. | | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíocht** | **Amfráma** | **Comhpháirtithe** |
| 1. Gnéithe feabhais feidhmíochta d'Athbhreithniú Straitéiseach 2016 ar Réadmhaoin Oidhreachta a chur chun feidhme lena n-áirítear:<br>• Socrú bainistíocht eatramhaí do Chaisleán & Gairdíní Mhullach Íde, Teach & Feirm Dhroichead Nua agus Caisleán Shoird<br>• Teicneolaíocht<br>• Léiriú<br>• Cur i Láthair<br>• Cur Chun Cinn Trasearnála<br>• Coimeádaíocht<br>• Imeachtaí<br>• Nuálaíocht<br>• Gairdíní agus Diméinte | **2017 – 2020** | Fáilte Ireland, Réadmhaoin oidhreachta, Roinn AHRRG |
| 2. Staidéar féidearthachta a dhéanamh faoin bpoitéinseal a bhaineann le Muileann Shakleton, Leamhcán. | **2018** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Grúpaí oidhreachta áitiúla |
| 3. Scéim oibreacha caipitiúla na réadmhaoine oidhreachta (€10 milliún) 2017 – 2019 a chríochnú, lena n-áirítear:<br>• Críochnú agus oscailt Chasaíne Mhullach Íde ionas gur féidir Mionsamhail Iarnróid Fry a chur ar taispeáint.<br>• Críochnú agus oscailt Chaisleán Bhrí Mhór.<br>• Díonadóireacht ag Teach Dhroichead Nua, Caisleán Mhullach Íde agus Caisleán Ard Giolláin.<br>• Críochnú agus oscailt siopa caife agus ionad cuairteoirí nua i dTeach Dhroichead Nua.<br>• Críochnú chéim 2 de na hoibreacha ar | **2017 - 2019** | Réadmhaoin oidhreachta |

| | | |
|---|---|---|
| Chaisleán Shoird.<br>• Oibreacha ginearálta feabhais sna Réadmhaoin Oidhreachta. | | |
| 4. Cabhrú le cur chun cinn agus forbairt nithe nua agus nuálacha is díol spéise do thurasóirí agus béim ar:<br>• Iarsmalanna<br>• Spraoi don Teaghlach<br>• Ionaid Léirithe<br>• Spóirt<br>• Oideachas<br>• Baile Átha Cliath 15<br>• Baile Brigín<br>• Sráidbhailte Tuaithe | | Réadmhaoin oidhreachta, Nithe is díol spéise, grúpaí turasóireachta áitiúla, Earnáil phríobháideach, LEO |



**Bia:**

**Saincheist:**Is comhpháirt thábhachtach den eispéireas turasóireachta é Turasóireacht Bhia. Dar le Fáilte Éireann:  Seo a leanas an fhís atá ann do thurasóireacht bhia: 'Beidh cuimhne ag cuairteoirí ar Éirinn ar eispéiris speisialta bia a mhúsclaíonn ómós áite, cultúir agus féile'

**Cuspóir:** Tacú leis an méadú atá ag teacht ar an spéis phríomhshrutha i mbia chun margaí nua tomhaltais a thaiscéaladh agus dlús a chur faoi ghnó raon leathan soláthraithe turasóireachta atá ag obair san earnáil bia agus dí i bhFine Gall.

| **Gníomhaíocht** | **Amfráma** | **Comhpháirtithe** |
|---|---|---|
| 1. Oibriú le LEADER agus LEO chun forbairt agus margaíocht a dhéanamh ar bhia agus ar dheoch(anna) atá brandáilte go háitiúil bunaithe ar thionscnamh Bhlasanna Fhine Gall. | **2017 – 2020** | LEADER, LEO, Earnáil phríobháideach, Nithe is díol spéise |
| 2. Eispéiris bhia a shaincheapadh i gcomhar leis an tionscal bia cosúil le cuairteanna a thabhairt ar chúl stáitse monarchan, cuairteanna ar fheirmeacha agus dinnéar ag bord cistine cócaire | **2017 – 2018** | Réadmhaoin oidhreachta, Nithe is díol spéise, Soláthraithe cóiríochta, Tionscal bia agus dí |
| 3. Oibriú le grúpaí turasóireachta áitiúla agus le comhpháirtithe tionscail chun Féilte Bia a fhorbairt agus a fhás. | **2017 - 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Tionscal bia agus dí |
| 4. promóisean crosdíola bia mara a ionchorprú i dtionscnamh Shráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath. | **2017 – 2018** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Tionscal bia agus dí |
| 5. Clár bunáitíochta barántúil 'bia áitiúil' a fhorbairt i gcomhar le réadmhaoin Oidhreachta Fhine Gall. | **2017 - 2018** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Tionscal bia agus dí, Soláthraithe cóiríochta |
| 6. Oibriú le Feirmeoirí Fhine Gall chun Cultúr Geata Feirme 'a fhás' agus chun páirt a ghlacadh i margaí bia áitiúla. | **2017 - 2018** | Feirmeoirí Fhine Gall |
| 7. Conair Blais Turasóireachta Fhine Gall, Conair Feirme, nó eispéiris 'Áit ar phláta' a fhorbairt. | **2017 – 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Tionscal bia agus dí, Feirmeoirí Fhine Gall |
| 8. Eispéiris uathúla bia agus / nó spásanna a fhorbairt cosúil le spás tiomnaithe tob-bhialainne le haghaidh | **2017 - 2018** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Tionscal bia agus dí, Feirmeoirí Fhine Gall, Réadmhaoin oidhreachta, Nithe is díol spéise |

| | | |
|---|---|---|
| cócairí óga atá ag tosú amach. | | |

**FÉILTE & IMEACHTAÍ**

Cruthaíonn féilte agus imeachtaí cúiseanna tábhachtacha le cuairt a thabhairt ar cheann scríbe, cur chuige ar éirigh go breá leis i mBaile Átha Cliath agus i gceantair eile ar fud na tíre. Seachas an buntáiste a bhaineann le daoine a mhealladh chuig an gceantar, tarraingíonn féilte agus imeachtaí aird ar an gceann scríbe chomh maith agus spreagann siad cuairteoirí aghaidh a thabhairt ar an gceantar.

**Imeachtaí:**

**Saincheist:** Bhain tábhacht riamh anall le himeachtaí chun cuairteoirí a mhealladh agus cónaitheoirí Fhine Gall a thabhairt le chéile. Tá tionchar dearfach acu ar an eispéireas turasóireachta, cuireann siad feabhas ar íomhá Fhine Gall agus tacaíonn siad leis an bpobal áitiúil.

**Cuspóir:** Cuirfidh Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall clár imeachtaí i dtoll a chéile a bheidh in ann:

- maoiniú a chur ar fáil agus tacú le 50 imeacht a mheallann beagnach 500,000 duine
- thart ar €30.1 milliún de chaiteachas sa gheilleagar áitiúil a chruthú go bliantúil
- tacú le thart ar 360 post, sa gheilleagar áitiúil den chuid is mó.
- an méid atá á thairiscint ag Tabhair Cuairt ar Fhine Gall a fheabhsú.

| Gníomhaíocht | Amfráma | Comhpháirtithe |
|---|---|---|
| 1. Leanfaidh Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall ag tacú leis na féilte atá ann cheana féin a n-éiríon leo turasóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhealladh, lena n-áirítear comhairle maidir le bainistíocht imeachtaí agus tacaíocht airgeadais tríd an scéim "gairm tograí". | **2017 – 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Grúpaí imeachtaí áitiúla, Cuideachtaí imeachtaí |
| 2. Imeachtaí nua a fhorbairt, a nuáil agus a chothú a mbaineann poitéinseal aitheantas turasóireachta leo trí thacaíocht, margaíocht, rannpháirtíocht ghníomhach agus an scéim "gairm tograí". | **2017 - 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Grúpaí imeachtaí áitiúla, Cuideachtaí imeachtaí |
| 3. Tacú le Ceanneagraíochtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt chun margaíocht a dhéanamh ar Fhine Gall mar cheann scríbe le haghaidh imeachtaí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta spóirt trí thoscaireachtaí a óstáil, cúnamh airgeadais a chur ar fáil, tacaíochtaí comhchineáil agus bearta infheidhme eile a chur ar fáil mar a iarrann Ceanneagraíochtaí Náisiúnta Rialaithe. | **2017 - 2020** | Ceanneagraíochtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt, Spórt Éireann, Fáilte Ireland |
| 4. Rannpháirtíocht fhoirmiúil le tionscnóirí ceolchoirme go bliantúil chun ár réadmhaoin/páirceanna oidhreachta a chur chun cinn mar ionaid chun ceolchoirmeacha móra a reáchtáil iontu. | **2017 - 2020** | Tionscnóirí ceolchoirme |
| 5. Treoir imeachtaí bliantúil a fhorbairt le scaipeadh ar na hardáin meán sóisialta ábhartha ar fad agus ar theaghlaigh agus | **2017 - 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Grúpa imeachtaí áitiúla, Soláthraithe |

| | | |
|---|---|---|
| soláthraithe cóiríochta i bhFine Gall. | | cóiríochta |

**MARGAÍOCHT & CUR CHUN CINN**

Is féidir cur síos a dhéanamh ar chuairteoirí chuig Réigiún Fhine Gall de réir na gcatagóirí seo a leanas:

- Fiosraitheoirí Sóisialta
- Fiosraitheoirí Cultúrtha
- Teaghlaigh Nasctha
- Cuairteoirí comhdhála agus dreasachta
- Cuairteoirí cúrsála
- Cuairteoirí imeachta

Ag leanúint ar aghaidh ón obair bhrandála a rinneadh in 2016, tá feachtas margaíochta á chur i bhfeidhm ag Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall chun díriú ar an mbealach is fearr ar na cuairteoirí seo. Seo a leanas na príomhchuspóirí margaíochta agus na príomhréimsí gníomhaíochta margaíochta le haghaidh 2017:

- Na meáin shóisialta & margaíocht dhigiteach
- Tionscnaimh chomhoibríocha tionscail
- Eispéiris bhranda & bhraisle
- Margaíocht Náisiúnta/ Tuaisceart Éireann & Idirnáisiúnta

**Margaíocht:**

**Saincheist:** D'fhonn cur le líon na gcuairteanna ar an gceantar, ní mór go mbeadh branda agus aitheantas turasóireachta Fhine Gall á bhforbairt i Straitéis Margaíochta Turasóireachta Fhine Gall. Is cuid bhunúsach de phlean turasóireachta iomlán Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall é margaíocht a dhéanamh ar Tabhair Cuairt ar Fhine Gall.

**Cuspóir** Feachtas margaíochta a reáchtáil a chinntiú fás geilleagrach inbhuanaithe Fhine Gall trí bhreis cuairteoirí áitiúla, náisiúnta agus Idirnáisiúnta a mhealladh chuig an gceantar.

| Gníomhaíocht | **Amfráma** | **Comhpháirtithe** |
|---|---|---|
| 1. Feachtas margaíochta cinn scríbe a chur i bhfeidhm bunaithe ar Shráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath. | **2017 - 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Tionscal bia agus dí, Fáilte Ireland |
| 2. Branda Turasóireachta Fhine Gall a ailíniú leis an mBranda nua *Dublin "A Breath of Fresh Air"* agus úsáid bhranda Turasóireachta Fhine Gall a shioncronú le geallsealbhóirí tionscail trí ábhar faoi Fhine Gall a chur ar fáil, príomhtheachtaireachtaí turasóireachta a chaighdeánú agus tacar de chomhthaobhacht margaíochta a chur ar fáil. | **2017 – 2020** | GDTA, grúpaí turasóireachta áitiúla |
| 3. Comhoibriú le grúpaí turasóireachta chun tograí margaíochta a fhorbairt bunaithe ar Shráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath, tionscnaimh chomhoibríocha mhargaíochta a éascú, eispéiris a chur i mbraislí agus a chrosdíol, imeachtaí & féilte a fhorbairt, Oifigí Eolais Turasóireachta a chur ar fáil agus cabhrú le CMS shuíomh gréasáin na | **2017 – 2018** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Tionscal bia agus dí |

| | | |
|---|---|---|
| turasóireachta áitiúla agus na meáin shóisialta. | | |
| **Gníomhaíocht** | **Amfráma** | **Comhpháirtithe** |
| 4. Straitéis dhigiteach /shóisialta bhliantúil a chur i bhfeidhm do thurasóireacht i bhFine Gall a bhfuil sé mar aidhm léi cur le líon na gcuairteoirí/amharc leathanaigh ar an suíomh gréasáin/blag, líon na bpostálacha haischlibe a mhéadú, líon na gcomhrannta sóisialta, "is maith liom" or "ceanáin" a fheabhsú, líon na bpostálacha blagálaithe cruthaithe a ráthú agus scaipeadh iomlán tionchairí a fheabhsú | **2017 – 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla |
| 5. A chinntiú go bhfuil láithreacht ag Tabhair Cuairt ar Fhine in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Oifig Eolais Turasóireachta a chur san áireamh. | **2017** | DAA |
| 6. Cláir Idirnáisiúnta Poiblíochta agus Ceannaitheoirí Thar Lear Fáilte Ireland & Turasóireacht Éireann a éascú chun an líon turas taithíochta ar Fhine Gall a mhéadú. Ábhar faoi Fhine Gall a chur chun cinn trí chainéil Fáilte Ireland & Turasóireacht Éireann. | **2017 – 2020** | Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann |
| 7. Branda cruthaitheach Fhine Gall a úsáid nuair a bhíonn rannpháirtíocht leis na meáin, oibritheoirí turas, feachtais poiblíochta etc | **2017 – 2020** | Grúpaí turasóireachta áitiúla, Fáilte Ireland, Oibritheoirí turas, Nithe is díol spéise, Réadmhaoin oidhreachta |
| 8. 500,000 píosa de chomhthaobhacht margaíochta, mapaí, bróisiúir, etc. a dháileadh go bliantúil trí sheirbhís dáileacháin. Áit ar cuí, fógraíocht roghnach a dhéanamh. | **2017 - 2020** | |
| 9. Oibriú le cuideachta scabhtála scannán chun Fine Gall a chur chun cinn mar shuíomh scannánaíochta. | **2017** | Bord Scannán na hÉireann |



## Comhoibriú Réigiúnach agus Tionscnaimh Shaincheaptha

### SRÁIDBHAILTE COIS CÓSTA BHAILE ÁTHA CLIATH

Leanfaidh Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall ag obair le gnóthaí turasóireachta i Sráidbhailte Cois Cósta Fhine Gall chun cabhrú leo a gceantar a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta den chéad scoth, ceann scríbe a chruthú lena mbaineann téama agus léiriú coiteann.

Chun Sráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath a fhorbairt mar cheann scríbe idirnáisiúnta mór le rá caithfear glacadh le cur chuige comhoibríoch níos fearr idir sráidbhailte, mar aon le cur chuig coiteann margaíochta agus forbartha. Teastaíonn ceannach isteach agus comhoibriú. Baineann fíorthábhacht leis na grúpaí turasóireachta áitiúla chomh fada is a bhaineann le rath an phlean iomláin, agus mar phríomhnasc le pobail agus le gnóthaí óstála ar dlúthchuid de phobal turasóireachta Shráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath iad.

Lena chinntiú go bhforbrófar téama láidir do Shráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath, teastaíonn:

- Fís shoiléir don cheann scríbe a bhfuil na sráidbhailte ar fad ag comhaontú uirthi
- Plean margaíochta do Shráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a chur ar fáil
- Tosaíochtaí cinn scríbe a bhunú cosúil le Cinn Scríbe Beadaí na hÉireann a bhuachan do Shráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath
- raon pacáistí/eispéireas téamúla a fhorbairt
- 'Liosta céard atá ag tarlú inniu/an tseachtain seo/an mhí seo' a fhorbairt lena úsáid nuair atá poiblíocht á déanamh
- cur lena bhfuil ar eolas ag daoine faoi Shráidbhailte Cois Cósta Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil baint acu leis an earnáil turasóireachta) agus faoin réigiún trí PR áitiúil agus úsáid a bhaint as margaíocht ghréasánbhunaithe agus ríomh-mhargaíocht

### COMHOIBRIÚ TIONSCAIL

Dlúthchuid de ghníomhaíocht margaíochta agus forbartha Fhine Gall é an taiscéalaíocht, an nuálaíocht agus an comhoibriú, go háirithe i dtéarmaí comhpháirtíocht rathúil leis an tionscal turasóireachta, gnéithe a chuireann leis an bhfuinneamh dearfach atá le brath faoi láthair agus táimid ag súil leis cur leis seo in 2017 agus ina dhiaidh sin.

Braitheann Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall ar comhoibriú tionscail chun úsáid a bhaint as acmhainní agus lena chinntiú gur ann do chur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe chun branda agus ceann scríbe a fhorbairt. I gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí stáit: Tugann Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann, Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall faoi roinnt mhaith tionscnamh nua agus nuálaíoch margaíochta lena n-áirítear: straitéisí brandála (ailíniú le *Dublin "A Breath of Fresh Air"*, mar shampla), ábhar margaíochta brandáilte ardfhísiúil, deiseanna crosdíola gréasánbhunaithe agus an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as láithreacht Fhine Gall i bhfeachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

***Feachtas Fáilte Ireland sa Ríocht Aontaithe Deireadh Fómhair 2016: Is sa lár atá Baile Átha Cliath suite***




Chun forbairt agus cur chun cinn bailte agus sráidbhailte i bhFine Gall a thabhairt chun beochta agus a bhrostú, le roinnt blianta anuas d'fhorbair Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall agus tacaíonn sí le greásán de ghrúpaí forbartha turasóireachta áitiúla i mBinn Éadair, na Sceirí, Baile Brigín agus Sord. Tríd an gcomhoibriú idir na grúpaí seo tá Oifigí Eolais Turasóireachta rathúla bunaithe, tá Imeachtaí & Féilte rathúla reáchtáilte, tá tacar ábhar poiblíochta curtha i dtoll a chéile, tá tacaíocht ar fáil don mhargaíocht dhigiteach, agus tá rannpháirtíocht i gclár le haghaidh forbairt agus cur chun cinn Shráidbhailte Coist Cósta Bhaile Átha Cliath bunaithe, feachtas mór le 2017 agus níos faide anonn.

**EACHTRAÍOCHT LASMUIGH I BHFINE GALL**

Oibreoidh Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall le FLAG ar thionscnamh brandála le haghaidh "Eachtraíocht i bhFine Gall" a bheidh dírithe ar fhiosraitheoirí sóisialta a spreagadh chun tairbhe a bhaint as Cósta Fhine Gall i.e. tonnmharcaíocht, tumadóireacht, cadhcáil, SUP, bádóireacht innill, ziplíneáil, boghdóireacht, fálróid aeir, rópadóireacht anuas, dreapadóireacht.
Meastar go bhforbrófar an tionscadal mar Ghormbhealach Cósta Bhaile Átha Cliath amach anseo.

**GORMBHEALACH GHLEANN NA LIFE**

I ndiaidh comhthionscnaimh idir Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, tá tuarascáil measúnaithe féidearthachta á forbairt faoi láthair i ndáil le forbairt Ghormbhealach na Life agus áiseanna caitheamh aimsire i bpáirceanna atá faoi úinéireacht an phobail taobh leis an Life.

**MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ**

Tá an clár oibre seo ailínithe le cuspóirí LECP.  Trí seo a dhéanamh, tá sé comhaontaithe ag an Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha.  Gné thábhachtach is ea gur cuid láranach den chur i láthair bliantúil faoi stádas agus cur ar fáil LECP a dhéantar don Chomhairle a bheidh ann.

Beidh cur chun feidhme an chláir oibre seo ailínithe le Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail Fhine Gall 2016 - 2021 a chur i bhfeidhm. Comhsheasmhach leis seo, cuirfear nuashonruithe maidir le dul chun cinn ar fáil don Choiste Áitiúil Pobail agus Forbartha mar mhír sheasta ag gach cruinniú, agus cuirfear tuairisc níos mionsonraithe ar fáil ag gach dara cruinniú.

A dhála sin, faigheann gach ball de Choiste Beartais Straitéiseach na Forbartha Eacnamaíochta agus Fiontair nuashonrú ag gach ceann dá chruinnithe, agus cuirtear breis mionsonraí ar fáil faoi dhó sa bhliain. Anuas air sin, cuirfear tuairisc faoi bhráid na Comhairle iomláine mar chuid de thuarascáil bhliantúil LCDC gach Aibreán.

Ina theannta sin, mar chuid de Straitéis Turasóireachta Fhine Gall, tá Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall, forbartha chun dlús a chur le cur i bhfeidhm Straitéis Turasóireachta Fhine Gall i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí uile na hearnála turasóireachta sa Chontae.  Tá an mhaoirseacht a dhéanfar ar fheidhmíocht Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall faoi fhreagracht grúpa maoirseachta a áirítear ann idir bhaill tofa agus ionadaithe earnála.

Tuairscíonn an Oifig Forbartha Turasóireacht do Ghrúpa Maoirseachta Turasóireachta Fhine Gall i mí Eanáir gach bliain maidir lena phlean oibre bliantúil agus arís ag deireadh na bliana chun an t-eolas is déanaí maidir leis an obair atá curtha i gcrích i rith na bliana a thabhairt.

Tá gá freisin le creat tomhais, eochairtháscairí feidhmíochta (KPIanna) san áireamh, chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht straitéis turasóireachta Fhine Gall.

Áirítear i measc na samplaí d’eochairtháscairí feidhmíochta:

· Líon na gcuairteoirí – náisiúnta agus thar lear, de réir chuspóir na gcuairteanna go hidéalach;

· Luach chaiteachas turasóireachta na gcuairteoirí;

· Fostaíocht sna hearnálacha cóiríochta, seirbhíse bia agus imeachtaí;